



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2018

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substantiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an bhfaisnéis a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.

Marcáil gach ceist a triaileadh agus bronn marc ar na deich gceist a fuair na marcanna is airde.

Gan grádú ar bith.

C.1	(i)	Ardchlár	1m	C.7(i)	B		1m
		Craobhach	1m		A		1m
		Treilíse	1m		D		1m
		Súmaire	1m		C		1m
	(ii)	Aon fhreagra bailí	2m	C.7(ii)	W		1m
	(iii)	Loch ribíneach/shlabhrach	2m		Y		1m
					Z		1m
					X		1m
C.2	(i)	A Tulra ar Chlé	2m	C.8(i)	B		1m
		B Lár Talamh Láir	2m		C		1m
		C Cúlra ar Dheis	2m		A		1m
	(ii)	Fiar	2m	C.8(ii)	Comhbhrú		1m
					Fiaradh		1m
					Teannas		1m
C.3	(i)	Bréagach	1m	C.8(iii)	Fíor		2m
	(ii)	Bréagach	1m	C.9(i)	F		1m
	(iii)	Bréagach	1m		E		1m
	(iv)	Fíor	1m		A		1m
	(v)	Bréagach	1m		C		1m
	(vi)	Fíor nó Bréagach	1m		B		1m
	(vii)	Bréagach	1m		D		1m
	(viii)	Fíor	1m	C.9(ii)	Fíor		2m
C.4	(i)	597 (m)	2m	C.10	(i) 998 (mb)		2m
	(ii)	G 685 365 / G 692 362	2m		(ii) Oclúidithe (calctha)		2m
	(iii)	1.5 (km)	2m		(iii) 1028 (mb)		2m
	(iv)	42 (km ²) go neasach.	2m		(iv) Bréagach		2m
C.5(i)		Réigiún Geomorfach	1m	C.11	(i) 2 chúis	1m + 1m	
		Réigiún Riaracháin	1m		(ii) Freagra bailí	2m	
		Réigiún Forimeallach	1m		(iii) 515	2m	
		Réigiún Cultúir	1m		(iv) Freagra bailí	1m + 1m	
C.5(ii)		Boirinn	1m	C.12	(i) Poblacht	Na Seice	2m
		Co. Loch Garman	1m		(ii) An Ghearmáin		2m
		Tuaisceart na hIorua	1m		(iii) 4		2m
		An Domhan Ioslamach	1m		(iv) Freagra	Bailí	1m + 1m
C.6	(i)	A. Pláta Mheiriceá Thuaidh	1m				
		B. Pláta na hAfraice	1m				
	(ii)	Pláta Mheiriceá Theas	1m				
		Pláta Nazca	1m				
	(iii)	Fáinne Tine an Aigéin Chiúin	2m				
	(iv)	Déanmhasach/Dibhéirseach	2m				

CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
 - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**
- **AGUS**
- Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR

ROINN 1 – CROÍ-AONAIÐ

Ceist 1 go 6

NÍ MÓR duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

CEIST AMHÁIN as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

AGUS

CEIST AMHÁIN as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.


PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Ceist 1 go 3

Freagair ceist **AMHÁIN**

Ceist 1

1A. Tírdhreach Charstach



Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- (i) Ainmnigh an dá ghné a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu.
- (ii) Cén téarma a thugtar ar na línte cothrománacha ag **C** a fhaightear san aolchloch?
- (iii) Cén téarma a thugtar ar na línte ingearacha ag **D** a fhaightear san aolchloch?
- (iv) Ainmnigh **dhá** phróiseas ar bith sa síonchaitheamh ceimiceach.
- (v) Mínigh go hachomair ceann **amháin** de na próisis sa síonchaitheamh ceimiceach a d'ainmnigh tú thuas.
- (vi) Mínigh go hachomair cad is brí le *maoschlár screamhuisce*.

[20m]

- | | | |
|-------|----------------------|---------|
| (i) | A = Aolchoinneal | 2m |
| | B = Aolchuisne | 2m |
| (ii) | Plána cisealúcháin | 2m |
| (iii) | Siúnta | 2m |
| (iv) | Dhá phróiseas bhailí | 2m + 2m |
| (v) | Míniú achomair bailí | 2m + 2m |
| (vi) | Míniú achomair bailí | 2m + 2m |

1B. Iseastatacht

Tabhair cur síos agus míniú ar conas a théann an iseastatacht i bhfeidhm ar an tírdhreach cósta **nó** ar an tírdhreach abhann.

[30m]

Tionchar aitheanta	2m
Cur síos/Míniú	14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara agus an tríú iarmhairt aitheanta do 2 x PSÁ ón gcur síos/míniú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as sampla amháin sonrach ainmnithe ón gcur síos/míniú do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Má phléitear conas a théann an iseastatacht i bhfeidhm ar an tírdhreach cósta nó ar an tírdhreach abhann araon, marcáil an dá rud astu féin agus bronn an marc is airde.
- Ní le hÉirinn go sonrach a bhaineann an cheist.
- Mura ndéantar ach cur síos ar iseastatacht gan aon tagairt don chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar an tírdhreach: 2 x PSÁ ar a mhéad.

1C. Bolcáin

Pléigh na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le bolcáin.


[30m]

Iarmhairtí dearfacha aitheanta	2m + 2m
Plé	13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an tríú iarmhairt dhearfach aitheanta do 1 x PSÁ ón bplé. Ní mór plé a dhéanamh ar an uile iarmhairt eile dhearfach.
- Tugtar creidiúint as bolcán / ceantar bolcánach amháin ainmnithe a thabhairt ón bplé do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Mura bpléitear ach iarmhairtí diúltacha amháin: 0 marc.

Ceist 2

2A. Struchtúr an Domhain



Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- Ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.
- Ainmnigh an **dá** phríomh-mhianra a fhaightear sa croí.
- Cén t-ainm a thugtar ar an teorainn idir an screamh agus an maintlín?
- Mínigh go hachomair conas a ghluaiseann plátaí.
- Mínigh go hachomair cad is brí le *fórsaí ingineacha*.

[20m]

- | | | |
|-------|-----------------------------|----------|
| (i) | A = An tAstanaísféar | 2m |
| | B = An Litisféar | 2m |
| | C = An Maintlín | 2m |
| (ii) | Iarann | 2m |
| | Nicil | 2m |
| (iii) | Neamhleanúnachas Moho | 2m |
| (iv) | Míniú achomair bailí | 2m + 2 m |
| (v) | Míniú achomair bailí | 2m + 2m |

2B. Síonchaitheamh

Mínigh ról na teochta i bpróiseas an tsíonchaithimh fhisicigh/mheicniúil.

[30m]

Tagairt don teocht	2m
Míniú	14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tagairt don teocht do 1 x PSÁ. Tá míniú le tabhairt maidir le gach tagairt eile do theocht.
- Tugtar creidiúint as próiseas síonchaithimh fisiceach/meicniúil ábhartha ainmnithe do 2 x PSÁ. Tá míniúchán le tabhairt ar an uile phróiseas síonchaithimh fisiceach/meicniúil sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

2C. Próisis Dromchla

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Freagair (i) nó (ii).

- (i) Ainmnigh **dhá** ghné ar an léarscáil a foirmíodh mar thoradh ar phróisis abhann, ar phróisis oighreacha nó ar phróisis chósta agus tabhair a dtagairt eangaí sé fhigiúr. Mínigh conas a foirmíodh ceann **amháin** ar bith de na gnéithe seo.

Gnéithe ainmnithe	2m + 2m
Tagairtí eangaí	2m + 2m
Míniú ar fhoirmiú gné amháin	11 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as próiseas dromchla ábhartha aitheanta do 1 x PSÁ. Tá míniúchán le tabhairt ar an uile phróiseas sa bhreis orthu sin agus ní mór go mbeadh ceangal idir an míniúchán agus foirmiú na tírghné chun PSÁ a fháil.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thírghné a thabhairt gan aon mhíniú ar fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.

nó

- (ii) Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, aimsigh limistéar ar an léarscáil ina bhfuil fána an-ghéar **agus** limistéar ar an léarscáil ina bhfuil fána réidh. Tabhair cur síos agus míniú ar phróiseas ollghluaiseachta **amháin** ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú i limistéir dá leithéid.

[30m]

Tagairtí eangaí	2m + 2m
Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe	2m
Cur síos/Míniú	12 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

Ceist 3

3A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn Dhroim Chliabh (*Drumcliff River*)
- **Dhá** loch ainmnithe
- An limistéar iomlán talún os cionn 300 méadar taobh ó dheas de thuaidhlíne 43.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile

4 mharc (4/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann:

Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Lipéad 1 mharc

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triailleadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triailleadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Murar triailleadh an cósta a tharraingt, bain 2 mharc ón marc iomlán.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

3B. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Bíonn an duine ag idirghníomhú le timthriall na gcarraigeacha i mórán slite.

Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a dtarlaíonn an t-idirghníomhú seo le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar tógála
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

[30m]

Cur síos/Míniú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla shonracha ainmnithe. D'fhéadfadh cuideachta, suíomh, etc. ainmnithe a bheith sna samplaí.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní le hÉirinn go sonrach a bhaineann an cheist.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

3C. Teorainneacha Plátaí

Tabhair cur síos agus míniú ar theorainneacha scríosacha plátaí.

[30m]

Cur síos/Míniú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 3 x PSÁ as dhá shampla gheografacha a thabhairt ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as an gcineál teorainn scríosach plátaí a aithint ón gcur síos/míniú.
- Mura ndéantar ach cur síos ar theorainneacha plátaí gan aon tagairt do mhíniú: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- Táthar ag súil le plé ar theorainneacha scríosacha plátaí sa cheist. Ná bronn marcanna as plé a dhéanamh ar theorainneacha déanmhasacha ná neodracha plátaí.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Ceist 4 go 6

Freagair ceist **AMHÁIN**.

Ceist 4

4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing sracléarscáil de réigiúin in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe
- Imlíne de ghné rilífe ainmnithe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- **Dhá** ionad uirbeacha ainmnithe.

[20m]

Imlíne na léarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc ghrádaithe (4/2/0)
Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)
Ainmnithe 2 mharc

- Ná glactar le sracléarscáil de réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith, is cuma faoin méid.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Féadtar ainmneacha a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0 marc as taispeáint agus 0 marc as ainmniú.

4B. Coincheap an Réigiúin

Scrúdaigh an tslí ar féidir cultúr a úsáid chun sainmhíniú a dhéanamh ar réigiún, agus tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

[30m]

Gné den chultúr aitheanta	2m
Sampla de réigiún a shainmhínítear de réir cultúir	2m
Scrúdú	13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara gné cultúir aitheanta do 1 x PSÁ. Ní mór gach gné bhreise a scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an dara sampla de réigiún a shainmhínítear de réir cultúir do 1 x PSÁ.
- Glac le sainmhíniú leathan ar chultúr.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

4C. Gníomhaíocht Gheilleagrah Phríomhúil – Talmhaíocht

Mínigh tionchar na haeráide ar fhorbairt na talmhaíochta in **dhá** réigiún chodarsnacha san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.


[30m]

Míniú ar Réigiún 1	7 / 8 x PSÁ
Míniú ar Réigiún 2	7 / 8 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tionchar na haeráide ar fhorbairt na talmhaíochta aitheanta 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin. Tá míniúchán le tabhairt ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin as sampla sonrach de ghníomhaíocht talmhaíochta.
- I gcás ina bpléitear forbairt na talmhaíochta gan tagairt don aeráid 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- I gcás ina bpléitear an aeráid gan tagairt dá tionchar ar fhorbairt na talmhaíochta 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- Mura ndéantar plé ach ar réigiún amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná le réigiún Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.

Ceist 5

5A. Dinimic Daonra



Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann tír dhúchais na n-iarrthóirí a chuir isteach ar thearmann den chéad uair san Aontas Eorpach (AE) in 2016 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- Ainmnigh an **dá** thír as ar tháinig an céatadán ba mhó de na hiarrthóirí a chuir isteach ar thearmann san AE den chéad uair in 2016.
- Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar áiteanna mealltacha d'iarrthóirí ar thearmann iad ballstáit an Aontais Eorpaigh.
- Ríomh **X**, an céatadán de na hiarrthóirí a chuir isteach ar thearmann den chéad uair agus a bhí i gcatagóir na dtíortha dúchais *Eile*.
- Mínigh go hachomair **dhá** dhúshlán atá le sárú ag ballstáit an AE mar thoradh ar an líon mór daoine atá ag lorg tearmainn san AE.

[20m]

- | | | |
|-------|----------------------------|---------|
| (i) | An tSiria | 2m |
| | An tAfganastáin | 2m |
| (ii) | Míniú achomair bailí | 2m + 2m |
| (iii) | 29(%) | 4m |
| (iv) | Dhá mhíniú achoimre bhailí | 2m + 2m |
| | | 2m + 2m |

5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Tabhair míniú ar fhorbairt na turasóireachta **nó** ar fhorbairt an iompair i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tosca a théann i bhfeidhm ar fhorbairt an iompair **nó** na turasóireachta do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí sonracha den iompar **nó** turasóireacht.
- Mura ndéantar ach cur síos ar iompar **nó** ar thurasóireacht gan aon scrúdú maidir lena fhorbairt: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- I gcás ina léirítear dhá chuntas ar leithligh maidir le forbairt an iompair agus na turasóireachta marcáil an dá rud astu féin agus bronn an marc is airde.
- Mar sin féin, glac le plé ar iompar laistigh den turasóireacht má bhaineann an plé ar iompar le forbairt na turasóireachta. Ar an gcaoi chéanna, glac le plé ar thurasóireacht laistigh d'iompar má bhaineann an plé ar thurasóireacht le forbairt iompair.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná le réigiún Éireannach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.

5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gach ceann acu seo a leanas ar an bhforbairt a tháinig ar an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Amhábhair
- Margaí.

[30m]

Plé ar Thoisce 1

7/8 x PSÁ

Plé ar Thoisce 2

7/8 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tionchar na n-amhábhair/an mhargaidh ar an bhforbairt a tháinig ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach aitheanta 1 x PSÁ in aghaidh na toisce.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí sonracha de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach.
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná le Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as sracleárscaíl lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracleárscaíl, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracleárscaíl, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisce gan aon tagairt don fhorbairt a tháinig ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura ndéantar plé ach ar thoisce amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad.

Ceist 6

6A. Castacht na Réigiún

Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta Roghnaithe,
2011 agus 2016

Ceantar Ghaeltachta	2011	2016
Contae Chiarraí	2500	2000
Contae Dhún na nGall	7000	5900
Contae Mhaigh Eo	1100	900

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceistanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

	Barrachairt	Píchairt
Teideal	2 mharc	2 mharc
Ais cheartingearach ainmnithe	1 mharc	1 + 1 mharc (Ciorcal agus Láráithe)
Ais chothrománach ainmnithe	1 mharc	
6 mhír a léiriú	2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0)	2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0)

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe i bhfeidhm mura mbreacfar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair straitéis **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngleic leis an meath i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta.

[20m]

Aon mhíniú achomair bailí

2m + 2m

6B. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Ceantar uirbeach ainmnithe	2m
Tosca aitheanta	2m + 2m
Scrúdú	12 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an tríú toisc aitheanta ón scrúdú do 1 x PSÁ. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Ná glactar le ceantar uirbeach i réigiún Eorpach ná i réigiún Éireannach.
- Glactar le ceantar uirbeach de chineál bailí ar bith nó cuid de, is cuma faoin méid.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do cheantar uirbeach ainmnithe ná do cheantar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir an scrúdú a bhunú ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Féadfaidh forbairt an cheantair uirbigh a bheith dearfach nó diúltach.

6C. An tAontas Eorpach

Pléigh na dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ag baint le forbairt an Aontais Eorpaigh sa todhchaí agus tagairt agat do thosca mar aontas polaitiúil, aontas eacnamaíoch agus flaithiúnas.

[30m]

Dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann aitheanta	2m + 2m
Plé	13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an tríú dúshlán aitheanta do 1 x PSÁ. Tá plé le déanamh ar an uile dhúshlán sa bhreis orthu sin.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- Gan aon tagairt d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh sa todhchaí: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

ROINN 2 – TOGHAONAI

Ceist 7 go 12

Ní MÓR duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)

NÓ

Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)

Tá 80 marc ag dul do gach ceist.

PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Ceist 7 go 9

Ceist 7

7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracleárscaíl leathscála de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis taobh **ó dheas de thuaidhlíne 44**.

Ar an tsracleárscaíl sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i Sligeach
- Cúrsa iomlán bhóthar an N16
- An líne iarnróid
- An taiscumar.

[20m]

Imlíne na Sracleárscaíle

4 mharc (4/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann:

Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Lipéad 1 mharc

- Caithfear imlíne sracleárscaíle a tharraingt go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 9cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Ní mór an limistéar ó dheas de thuaidhlíne 44 amháin a bheith sa tsracleárscaíl. Má tharraingítear sracleárscaíl den léarscáil iomlán = 0 marc i gcomhair imlíne na sracleárscaíle.
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracleárscaíl. Ní ghactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc as imlíne na sracleárscaíle.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den limistéar a leagtar síos nó nach ndéantar ach cuid den limistéar a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracleárscaíle agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscaíle de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracleárscaíl nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnfar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Murar triaileadh an cósta a tharraingt, bain 2 mharc ón marc iomlán.
- Is féidir an tsracleárscaíl a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Scrúdaigh an tionchar atá ag gach ceann acu seo a leanas ar oibriú cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Saolré an táirge
- Forbairtí i dteicneolaíocht na faisnéise.

[30m]

Cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe	2m
Scrúdú ar thoisc 1	7 x PSÁ
Scrúdú ar thoisc 2	7 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tionchar na toisce ar oibriú cuideachta ilnáisiúnta aitheanta 1 x PSÁ in aghaidh na toisce. Ní mór gach tionchar eile a scrúdú.
- Scrúdú nach bhfuil tagairt ann do chuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn go sonrach a bhaineann an cheist.

7C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Tionchar ar an gComhshaol

Déan plé ar an tslí a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn idir an leas eacnamaíoch agus leas an chomhshaoil mar thoradh ar shaothrú acmhainní, agus tagairt agat do **dhá** shampla a bhfuil staidéar déanta agat orthu.


[30m]

Dhá shampla ainmnithe	2m + 2m
Plé	13 x PSÁ

- Mura n-ainmnítear ach sampla amháin, ní chailltear ach an 2 mharc as an dara sampla a ainmniú.
- Gan ach plé a dhéanamh ar thaobh amháin den choimhlint: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Gan aon tagairt do choimhlint: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn go sonrach a bhaineann an cheist.

Ceist 8

8A. Fuinneamh



Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- Cén céatadán d'fhuinneamh an AE-28 a ídíodh i gcúrsaí iompair in 2015?
- Ríomh **X**, an céatadán den fhuinneamh a ídíodh in earnáil na seirbhísí in AE-28 in 2015.
- Cén breosla a úsáideadh chun 24.5% díreach d'fhuinneamh an AE-28 a ghiniúint in 2015? Ainmnigh sampla **amháin** den sórt seo breosla.
- Cén breosla a úsáideadh chun an céatadán ab airde d'fhuinneamh an AE-28 a ghiniúint in 2015?
- Ainmnigh **dhá** shampla den fhuinneamh in-athnuaite.
- Mínigh go hachomair cúis **amháin** nach n-úsáidtear fuinneamh núicléach in Éirinn.

[20m]

- | | | |
|-------|----------------------------|---------|
| (i) | 33.1(%) | 2m |
| (ii) | 13.5(%) | 4m |
| (iii) | Breosla soladach | 2m |
| | Aon sampla bailí | 2m |
| (iv) | Ábhar In-athnuaite | 2m |
| (v) | Dhá shampla bhailí ar bith | 2m + 2m |
| (vi) | Míniú achomair bailí | 2m + 2m |

8B. An tAontas Eorpach – Trádáil

Déan cur síos ar phatrúin trádála an Aontais Eorpaigh faoi láthair (trádáil inmheánach agus trádáil eachtrach araon) agus mínigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar na patrúin trádála seo.

[30m]

Patrún trádála inmheánaí aitheanta	2m
Patrún trádála eachtraí aitheanta	2m
Na tosca a mbíonn tionchar acu ar na patrúin trádála aitheanta	2m + 2m
Cur síos/míniú	11 x PSÁ

- Mura ndéantar cur síos ach ar phatrúin trádála gan aon mhíniú ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar na patrúin trádála sin: 6 x PSÁ ar a mhéad ón gcur síos/míniú.
- Mura ndéantar cur síos nó mura dtugtar míniú ach ar phatrúin trádála inmheánaí nó eachtraí amháin ní chailltear ach an 2m as patrúin aitheanta. Féadfar an chuid eile de na marcanna a bhronnadh ar fhaisnéis ábhartha bhailí a thabhairt.
- Glactar le tuiscint leathan ar phatrúin trádála reatha.

8C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh an tionchar atá ag **dhá** cheann acu seo a leanas ar fhorbairt tionscal gan chuing **nó** ar fhorbairt seirbhísí airgeadais **nó** ar fhorbairt na hollturasóireachta i ngeilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tosca fisiceacha
- Tosca daonna
- Tosca polaitiúla.

[30m]

Geilleagar forbartha ainmnithe	2m
Scrúdú ar thoisc 1	7 x PSÁ
Scrúdú ar thoisc 2	7 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an tionchar ar an bhforbairt a tháinig ar an ngníomhaíocht aitheanta do 1 x PSÁ in aghaidh na toisce. Ní mór gach tionchar eile a scrúdú.
